Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2337

10.10.2024

**RÚN (AE) 2024/2337 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 11 Aibreán 2024**

**ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2022**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0122/2024),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 22 438 000 buiséad críochnaitheach an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú ('an Foras') don bhliain airgeadais 2022 agus gurb ionann é sin agus méadú 3,13 % i gcomparáid le 2021; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais go príomha a thagann buiséad an Fhorais;

B. de bhrí go luaitear sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla an Fhorais don bhliain airgeadais 2022 ('an tuarascáil ón gCúirt') go bhfuil dearbhuithe réasúnacha faighte aici go bhfuil cuntais an Fhorais iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

**Bainistiú buiséid agus airgeadais**

1. á chur in iúl agus é ina dhíol sásaimh di go raibh de thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith na bliana airgeadais 2022 go raibh ráta chur chun feidhme buiséid 100 % ann i dtaca le leithreasaí na bliana reatha; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhúcháin 79,93 % a bhain leis na leithreasaí íocaíochta sa bhliain reatha, agus gurb ionann é sin agus laghdú 3,63 % i gcomparáid le 2021;

2. ag aithint sholúbthacht an Fhorais i bhfeidhmiú bhuiséad 2022 trí athbhreithnithe foirmiúla réamhaisnéise a dhéanamh atá bunaithe ar thuarascálacha ó Eurostat, agus trí línte buiséid éagsúla a choigeartú agus buiséid leasaitheacha a ghlacadh, i gcomhthéacs an mhéadaithe ar chomhéifeacht tíre na hÉireann agus ar bhuntuarastail na foirne; ag tabhairt dá haire go ndearnadh buiséad an Fhorais a reo nó a choigeartú le níos lú ná 2 % ar bhonn bliantúil thar thréimhse 20 bliain, rud a chuireann feidhmíocht inbhuanaithe an Fhorais agus a chumas táirgí ardcháilíochta, ábhartha agus tráthúla a sholáthar i mbaol; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, gur lorg an Foras coigilteas go gníomhach chun na méaduithe ar Theideal 1 dá bhuiséad a chistiú, de bhrí go raibh coigilteas den sórt sin i raon idir laghdú ar líon na misean agus ar líon na gcruinnithe ar an láthair, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, laghduithe ar chaiteachas ar staidéir éagsúla agus ar thionscadail taighde éagsúla in 2022; á iarraidh ar an údarás buiséadach aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le coigeartú cuí a dhéanamh ar bhuiséad an Fhorais laistigh den chéad CAI eile;

**Feidhmíocht**

3. ag moladh an Fhorais as 97 % dá clár oibre bliantúil a bhaint amach, agus 30 as 31 aschur tugtha i gcrích in 2022;

4. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Foras ocht n-eochairtháscaire feidhmíochta (ETFanna), a áirítear ina chóras faireacháin feidhmíochta; ag tabhairt faoi deara go bhfuil na ETFanna grúpáilte i dtrí chineál a bhaineann le torthaí, tabhairt i gcrích atá fónta ó thaobh na heolaíochta de agus ionchur agus aschur; ag tabhairt dá haire go háirithe, den tríú bliain as a chéile, go bhfuil feabhas tagtha ar an bhfeidhmíocht maidir le ráta úsáide shaineolas an Fhorais i bpríomhdhoiciméid bheartais ar leibhéal an Aontais, ó 74 % in 2021 go 82 % in 2022; á chur in iúl gur oth léi, áfach, laghdú ar fheidhmíocht roinnt ETFanna, amhail maidir leis an méid úsáide a baineadh as an eolas ón bhForas sna meáin (572 alt preasa in 2022 i gcomparáid le 1 083 alt preasa in 2021), rannpháirteachas an Fhorais le geallsealbhóirí i gcruinnithe agus in ócáidí (44 % in 2022 i gcomparáid le 48 % in 2021) agus líon na n-alt ina luaitear an Ghníomhaireacht in irisí acadúla (1 143 in 2022 i gcomparáid le 1 220 in 2021);

([1]) IO C 38, 31.01.2023, lch. 112.

5. ag tabhairt dá haire go léiríonn an difríocht i nglacadh eolas an Fhorais sna meáin idir 2021 agus 2022 an méadú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar an táscaire sin le linn 2021 mar gheall ar infheictheacht agus próifíl mhéadaithe obair an Fhorais le linn thréimhse COVID-19 den chuid is mó; á thabhairt faoi deara gur léirigh na torthaí in 2022 'filleadh ar an ngnáthshaol' i gcás fhormhór na dtáscairí atá anois ar chomhchéim, nó níos airde ná torthaí roimh COVID, den chuid is mó;

6. ag tabhairt faoi deara roinnt de na mórghníomhartha is tábhachtaí de chuid an Fhorais in 2022, amhail foilsiú na tuarascála forléargais ar an séú Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip inar léiríodh go raibh baint dhearfach ag cáilíocht na fostaíochta le cothromaíocht oibre is saoil le linn ghéarchéim COVID-19, foilsiú an chúigiú babhta den ríomhshuirbhé 'Maireachtáil, Obair agus COVID-19': Ag maireachtáil i ré nua éiginnteachta' ina dtugtar sonraí agus anailísí maidir le tionchar na paindéime ar oibrithe, muinín as institiúidí rialtais agus deighilt inscne, chomh maith le foilsiú an athbhreithnithe bhliantúil ar phá íosta in 2022 ina léirítear, i measc nithe eile, tionchar diúltach an bhoilscithe orthu siúd a shaothraíonn pá íseal; ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, an t-athbhreithniú a chuir an Foras ar fáil maidir le ról agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta san aistriú cóir agus i gcur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun an t-idirphlé sóisialta a neartú mar a fhoráiltear sa mholadh ón gComhairle chomh maith le tionchar an aistrithe ghlais agus an phacáiste aeráide Oiriúnach do 55 ar an bhfostaíocht;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur bhain an Foras a cuspóir straitéiseach amach ar bhealaí iomadúla in 2022, e.g. trí bheith gníomhach i raon díospóireachtaí beartais agus gníomhaíochtaí reachtacha maidir le hobair ardáin, oibrithe cúraim agus seirbhísí cúraim, meabhairshláinte, teilea-obair agus an ceart chun dícheangail, trí eolas agus tacaíocht a chur ar fáil mar ionchur do chruinnithe éagsúla a d'eagraigh Uachtaránacht na Fraince agus Uachtaránacht na Seice ar an gComhairle, agus trí thagairt a bheith déanta dá thorthaí taighde i dtimpeall 200 doiciméad beartais ar leibhéal an Aontais amhail an Straitéis Cúraim na hEorpa, an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2022 agus 'Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: Gnéithe fostaíochta agus sóisialta i dtuarascáil bhliantúil 2022 ar an bhfás inbhuanaithe' ó Pharlaimint na hEorpa, i measc nithe eile); á athdhearbhú a thábhachtaí atá sonraí ardcháilíochta arna soláthar trí uirlisí faireacháin leanúnacha an Fhorais le haghaidh ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise, go háirithe na suirbhéanna uile-Eorpacha arna ndéanamh ag an bhForas;

8. ag moladh an Fhorais as freagairt go tapa d'ionradh neamhdhleathach gan chúis na Rúise ar an Úcráin trí fhaisnéis ábhartha atá cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le topaicí a bhaineann lena sainordú; ag tabhairt dá haire sa chomhthéacs sin gur fhoilsigh an Foras, i measc roinnt gníomhaíochtaí éagsúla, forléargas ar bhearta náisiúnta chun freastal ar dhídeanaithe ón Úcráin agus chun cur i gcoinne fadhbanna boilscithe agus soláthair agus go ndearna sé an cúigiú babhta de ríomhshuirbhé an Fhorais a oiriúnú chun ceisteanna maidir leis an Úcráin agus an boilsciú ab airde dá raibh riamh ann agus méaduithe géara ar an gcostas maireachtála san Eoraip a thabhairt san áireamh; ag tabhairt dá haire thairis sin go leanann an Foras de shaoránaigh a chur ar an eolas tríd an mol ar líne 'Seasaimis ar son na hÚcráine';

**Éifeachtúlacht agus gnóthachain**

9. ag moladh an Fhorais as ucht an chleachtais sheanbhunaithe atá aige cláir oibre bhliantúla a chomhroinnt le sé ghníomhaireacht eile, lena n-áirítear iad siúd atá i gcomhpháirtíocht le hArd-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin (AS EMPL), chun éifeachtúlacht a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna idirnasctha, sineirgí agus rioscaí suntasacha a chomhroinnt agus dea-chleachtais maidir le bainistiú riosca a mhalartú; ag tabhairt dá haire thairis sin, a bhuí le teagmhálacha an Fhorais leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú, gur thángthas ar réimsí leasa choitinn agus comhghníomhaíochta;

10. á chur in iúl gur mór aici dlúthchaidreamh oibre an Fhorais le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), lenar síníodh Creat-chomhaontú nua um chomhar in 2022, mar aon leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE); á chur in iúl gur mór aici go bhfuil an Foras ag cur a thuilleadh lena chaidreamh le hAirmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh agus go bhfuil dlúthchomhar á dhéanamh i réimsí na digiteála agus na gcineálacha nua oibre, agus freisin go bhfuil faireachán á dhéanamh aige ar an athrú struchtúrach i margadh an tsaothair;

11. ag tabhairt faoi deara go ndearna an Foras cleachtadh ar bhuiséadú ar bhonn nialasach a chur i gcrích in 2022, agus grinnscrúdú á dhéanamh ar gach conradh a bhí i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú d'fhonn leithdháileadh acmhainní airgeadais agus daonna an Fhorais a bharrfheabhsú;

12. ag cur sonrú sna hiarrachtaí a rinne an Foras i dtreo na digiteála trí úsáid a bhaint as *EU Signature* agus as *DocuSign* i dtaca le doiciméid soláthair, doiciméid chonarthacha agus doiciméid inmheánacha;

13. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, ón tuarascáil ón gCúirt go bhfuil an Foras i measc na 19 ngníomhaireacht dhíláraithe a bhfuil sé beartaithe acu éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a n-oibríochtaí a fheabhsú agus ráiteas ar an gcomhshaol a eisiúint mar chuid dá dtuarascálacha gníomhaíochta bliantúla agus i measc na dtrí ghníomhaireacht a raibh sé beartaithe acu tús a chur le tuarascáil inbhuanaitheachta a eisiúint faoi 2024; ag moladh an Fhorais as deimhniúchán Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil a ghnóthú in 2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ó fhreagraí an Fhorais ar cheisteanna i scríbhinn go bhfuil critéir soláthair ghlais á n-úsáid ag an bhForas i gcás tairiscintí maidir le seirbhísí ceaintín agus maidir le soláthar leictreachais, i measc nithe eile; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thuairiscigh an Foras ciorruithe urghnácha ar a thomhaltas páipéir, agus é sin 30 % níos ísle in 2022 ná mar a bhí in 2020 nuair a bhí áitreabh an Fhorais dúnta den chuid is mó de dheasca ghéarchéim COVID-19;

**Beartas foirne**

14. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, an 31 Nollaig 2022, a bhí an plean bunaíochta curtha i gcrích ar bhonn 92,3 %, (i gcomparáid le 89 %, in 2021), agus ceapacháin déanta i gcás 9 n-oifigeach agus 75 ghníomhaire shealadacha as 91 phost a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 91 phost a údaraíodh in 2021); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 11 ghníomhaire ar conradh ag obair don Fhoras in 2022; ag tabhairt dá haire go raibh iomlaoid foirne tuairim is 5 % ann in 2022 (gan fostaithe a chuaigh ar scor ná pinsin scoir a chur san áireamh);

15. ag tabhairt dá haire gurb éard atá i miondealú inscne an Fhorais a tuairiscíodh i leith 2022 ná cúigear fear (56 %) agus ceathrar ban (44 %) ar leibhéal na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta, 90 fear (58 %) agus 64 bhean (42 %) ar leibhéal an bhoird bainistíochta, agus 41 fhear (44 %) agus 53 bhean (56 %) ar fhoireann an Fhorais trí chéile; ag spreagadh an Fhorais cothromaíocht inscne a áirithiú amach anseo ar gach leibhéal foirne; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta; ag cur sonrú sa líon ard comhaltaí atá ar bhord bainistíochta an Fhorais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil ról lárnach ag bord bainistíochta an Fhorais ina rialachas trí threoir straitéiseach a chur ar fáil agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí, agus go bhfuil sainordú an Fhorais agus comhdhéanamh sonrach a bhoird bunaithe ar an bprionsabal trípháirteach, lena n-áirítear, ar an gcaoi sin, ionadaithe na n-údarás náisiúnta agus na gcomhpháirtithe sóisialta; á aithint go n-áirithíonn bord bainistíochta an Fhorais trína chomhaltaí an t-ailíniú is gá idir obair an Fhorais agus riachtanais agus tosaíochtaí na bpáirtithe leasmhara;

16. ag tabhairt dá haire gur seoladh cleachtadh na bliana 2022 don Chlár Forbartha Acmhainní Daonna a bhfuil mar bhonn aige plean oiliúna bliantúil, lena n-áirítear oiliúint sheachtrach a bhaineann le heitic, topaicí dlí agus bogearraí staidrimh; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí, sa chomhthéacs sin, gur chuir an Foras oiliúint ar dhea-bhail fhisiciúil agus shíceolaíoch ar fáil dá chuid oibrithe ar mhaithe lena bhfeidhmíocht a choimeád agus iad ag obair go cianda mar gheall ar staid na paindéime;

17. ag moladh an Fhorais as a chuid iarrachtaí in 2022 a bhí dírithe ar thrédhearcacht na gcinntí bainistíochta a mhéadú chomh maith le húinéireacht foirne maidir le rannpháirtíocht agus bearta spreagtha trí chruinnithe rialta agus trí phlé rialta ar shaincheisteanna ábhartha; ag moladh an Fhorais freisin toisc gur ghlac sé an 'Chairt um éagsúlacht agus cuimsiú' a bhfuil sé mar aidhm léi cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna a chur chun cinn, gan beann ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, etc.;

18. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Fhorais bearta a dhéanamh chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, trína áirithiú go bhfuil gach seomra oifige inrochtana ag cathaoireacha rothaí; á chur in iúl gur geal léi, ó na freagraí i scríbhinn a thug an Foras, a thiomantas i dtaobh bearta sonracha a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, ag brath ar riachtanais ar leith an bhaill foirne lena mbaineann;

**Soláthar**

19. ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil ón gCúirt, gur úsáid an Foras, mar chritéir dhámhachtana seachas mar chritéir roghnúcháin, scileanna gairmiúla agus teanga na mball foirne i nós imeachta soláthair le haghaidh seirbhísí líonraithe, agus Airteagal 167 den Rialachán Airgeadais á shárú dá bhrí sin; ag tabhairt dá haire, ó fhreagra an Fhorais, gur modhnaíodh teimpléid chun an t-idirdhealú idir critéir roghnúcháin agus critéir dhámhachtana a chur i dtábhacht ar bhealach níos soiléire;

20. ag moladh an Fhorais as an treochlár ríomhsholáthair a chur chun feidhme agus as úsáid a bhaint as an Uirlis Bainistíochta um Sholáthar Poiblí (PPMT) chun gach conradh ar mó a luach ná EUR 15 000 a phróiseáil; á iarraidh ar an bhForas gach modúl PPMT a chur chun feidhme a luaithe a bheidh siad ar fáil;

**Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht**

21. ag tabhairt dá haire go ndearna an Foras iarrachtaí breise maidir le coinbhleachtaí leasa agus trédhearcacht a chosc agus a bhainistiú; ag tabhairt dá haire gur foilsíodh dearbhuithe maidir le coinbhleachtaí leasa agus CVanna na mball foirne atá i bhfeidhm bhainistíochta ar shuíomh gréasáin an Fhorais; ag tabhairt dá haire, faoi chuimsiú sainordú nua 4 bliana dar tús an 1 Aibreán 2023, gur foilsíodh dearbhuithe nua maidir le coinbhleachtaí leasa agus CVanna chomhaltaí bhord bainistíochta na Fhorais;

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas maidir le coinbhleachtaí leasa i bhfeidhm ag an bhForas lena ngabhann nós imeachta mionsonraithe maidir le cásanna coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear maidir le comhaltaí bhord bainistíochta agus Choistí Comhairleacha an Fhorais; ag moladh sa chomhthéacs sin, faoi chuimsiú a hócáide bliantúla 'Mí na hEitice', gur sheol an Foras in 2022 leagan nuashonraithe den treoir phraiticiúil maidir le heitic agus iompar foirne agus gur eagraigh sé seisiúin théamacha éigeantacha maidir le e.g. coinbhleachtaí leasa a chosc, agus ráta breá tinrimh foirne (91 %) i gceist;

23. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé d'oibleagáid ar bhaill foirne an Fhorais agus ar chomhaltaí bhord bainistíochta an Fhorais dearbhú a thíolacadh go bliantúil maidir le heaspa coinbhleachtaí leasa; á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear an oibleagáid sin i gcuimhne don fhoireann gach bliain tráth na hócáide 'Mí na hEitice', agus go raibh de thoradh air sin in 2022 gur tháinig méadú ar an ráta comhlíontachta ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar an dearbhú bliantúil; ag tabhairt faoi deara gur tugadh imscrúdú i gcrích le linn na bliana 2022 maidir le coinbhleacht leasa i gcás ball foirne, ar seoladh nós imeachta araíonachta ina leith, agus gur tugadh rabhadh i scríbhinn; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chás sceithireachta in 2022;

**Rialú inmheánach**

24. ag tabhairt dá haire gur cuireadh chun feidhme faoi dheireadh 2022 na gníomhaíochtaí uile maidir le moltaí arna n-eisiúint ag an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach(IAS) tar éis iniúchadh ó 2020 ar bhainistiú acmhainní daonna agus eitic an Fhorais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna IAS iniúchadh ar sholáthar agus ar bhainistiú conarthaí in 2022, agus gur aicmíodh trí mholadh mar mholtaí tábhachtacha lenar tugadh ar an bhForas plean a chur ar bun ina bhfuil 20 gníomhaíocht, ar cuireadh 50 % díobh chun feidhme faoi dheireadh 2022; á iarraidh ar an bhForas na gníomhaíochtaí uile atá fós gan réiteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir leis na moltaí ó IAS maidir leis an bpróiseas breithmheasa agus athaicmithe, leis an bpróiseas earcaíochta agus le straitéis foghlama agus forbartha an Fhorais;

25. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Fhorais maidir leis na cúig chomhpháirt de chreat rialaithe inmheánaigh an Fhorais in 2022; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, gur ghlac an Foras, mar shampla, páirt in athbhreithniú piaraí ar na dréachtrioscaí corparáideacha agus ar a phróiseas foluiteach leis na gníomhaireachtaí a bhaineann le AS EMPL, go ndearna sé measúnú nua ar phoist íogaire, gur chuir sé chun feidhme, ina chéimeanna uile, an nós imeachta um fheabhsú próisis maidir le forbairt cláir, gur ionsamhlaigh sé cibirionsaí, gur chuir sé réiteach fíordheimhnithe ilfhachtóirigh ar bun a bhí le cur i bhfeidhm de réir a chéile in 2023 agus gur eagraigh sé Mí na Feasachta Cibearshlándála;

26. ag tabhairt faoi deara ón tuarascáil ón gCúirt an bharúil maidir le laigí i ndáil le clár oiliúna an Fhorais, ar an gcéad dul síos i ndáil le foilsiú na rialacha lena rialaítear an seal oiliúna a foilsíodh ar an suíomh gréasáin gan bheith glactha go foirmiúil, agus ar an dara dul síos maidir le luach saothair na n-oiliúnaithe; ag tabhairt dá haire gur theip ar an bhForas an luach saothair a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na hathruithe ar na rátaí tagartha luacha saothair a d'íoc an Coimisiún agus leis an gceartúchán ar chomhéifeacht na hÉireann, as ar eascair gearríocaíocht EUR 3 330 i gcás 16 oiliúnaí; á chur in iúl gur geal léi an freagra ón bhForas maidir le bearta atá déanta aige chun aghaidh a thabhairt ar an mbarúil ón gCúirt, eadhon trí choigeartuithe a íoc leis na hoiliúnaithe ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 i leith agus trí rialacha nua a ghlacadh amhail ó 2023 lena socraítear dearbhmhéid don deontas oiliúna seachas é a nascadh le hoiliúnaithe an Choimisiúin;

**Barúlacha eile**

27. ag tabhairt faoi deara, agus is mór aici, an obair thorthúil an Fhorais maidir lena láithreacht ar líne agus a infheictheacht phoiblí a mhéadú le linn 2022, lena n-áirithítear seachadadh sonraí agus faisnéise tráthúla arna gcur in oiriúint do riachtanais na n-úsáideoirí; tugann sí dá haire sa chomhthéacs sin seoladh 36 fhoilseachán ar shuíomh gréasáin an Fhorais, an méadú ar an úsáid a bhaintear as léirshamhlú sonraí i bpostálacha blag, cur chun cinn obair an Fhorais trí chomhpháirtíochtaí leis na meáin (e.g. *Irish Times, EurActiv, Politico Europe*), margaíocht ríomhphoist, nuachtlitreacha corparáideacha míosúla agus fógraí íoctha ar líonraí meán sóisialta chun roinnt de tháirgí an Fhorais a scaipeadh, cláir cuairteanna agus imeachtaí eile a eagrú (Lá na hEorpa, comhphlé na Saoránach, Fóram an Fhorais) lena n-áirítear i bhformáid ar líne, chomh maith le seacht seimineár gréasáin a eagrú le malartuithe idir saineolaithe agus eagraíochtaí comhpháirtíochta an Fhorais, sraitheanna podchraoltaí (*EurofoundTalks*, dírithe ar cháilíocht poist, ar chúram, ar obair ardáin, ar theilea-obair agus ar phá íosta) agus ar chuid de tháirgí an Fhorais a chur i láthair in iliomad teangacha (e.g. achoimrí ar thuarascálacha taighde);

28. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 11 Aibreán 2024 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

---

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0280.